**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Fhorbairt*

**2023/2183(DEC)**

27.11.2023

# DRÉACHT-TUAIRIM

ón gCoiste um Fhorbairt

chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach

maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an ochtú, an naoú, an deichiú agus an aonú Ciste Eorpach Forbraíochta déag don bhliain airgeadais 2022
(2023/2183(DEC))

Rapóirtéir don tuairim: Antoni Comín i Oliveres

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Fhorbairt ar an gCoiste um Rialú Buiséadach, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. ag tabhairt dá haire go mbaineann cur chun feidhme Cistí Eorpacha Forbraíochta (CEFanna) le tíortha a bhfuil tionchair ghéaraitheacha an athraithe aeráide rompu, agus atá lagaithe freisin mar thoradh ar phaindéim COVID, cogadh na Rúise san Úcráin, chomh maith le leibhéil fiachais atá ag ardú. á áitiú, dá bhrí sin, gur cheart do na tionscadail atá fágtha faoi CEFanna díriú ar chur chun feidhme na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a chur chun cinn;

2. ag cur béim ar ról na gcomhpháirtithe cur chun feidhme áitiúla agus an gá lena áirithiú go mbeidh tacaíocht agus fothú acmhainneachta ar fáil dóibh. ag tabhairt dá haire, le céimniú amach na tionscadail CEF, gur cheart fios gnó áitiúil maidir le conas déileáil le cistí an Aontais a choimeád, d'fhonn baint a úsáid astu le haghaidh tionscadail faoin Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (ICFCI) - Ionstraim na hEorpa Domhanda;

3. á chur in iúl gur geal léi cinneadh ón gComhairle[1], trínar leithdháileadh EUR 600 milliún ó thionscadail shaortha faoin 10ú agus faoin 11ú CEF chun críche gníomhaíochtaí a théann i ngleic leis an ngéarchéim slándála bia agus turraing eacnamaíoch i dtíortha ACC a mhaoiniú, tar éis chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine; ag spreagadh na mBallstát an cur chuige céanna a leanúint maidir le haon CEF saortha a ath-leithdháileadh chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais is tábhachtaí i dtíortha ACC.

[1] Cinneadh (AE) 2022/1223 ón gComhairle